C/2023/1388

1.12.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11351 — ALLIANZ / TUA ASSICURAZIONI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1388)

1. An 24 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Allianz S.p.A. ('Allianz', an Iodáil), atá faoi rialú deiridh ag Allianz SE (an Ghearmáin),

— Tua Assicurazioni S.p.A. ('Tua Assicurazioni' nó 'Target', an Iodáil), atá faoi rialú deiridh ag Assicurazioni Generali S.p.A. ('Generali', an Iodáil).

Gheobhaidh Allianz urlámhas aonair ar Tua Assicurazioni de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Allianz gníomhach i soláthar agus dáileadh árachais saoil agus neamhshaoil, agus san earnáil athárachais. Tá Allianz mar chuid de ghrúpa atá faoi rialú na cuideachta sealbhaíochta Allianz SE, a bhfuil ceanncheathrú aici in Munich agus atá liostaithe inter alia ar Stocmhalartán Frankfurt, agus soláthraíonn sé seirbhísí airgeadais i réimsí an árachais saol agus neamhshaoil agus seirbhísí bainistithe sócmhainní den chuid is mó;

— Tá Tua Assicurazioni gníomhach i soláthar seirbhísí árachais neamhshaoil san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11351 — ALLIANZ / TUA ASSICURAZIONI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË